Ceapachán Chathaoirleach an Bhoird Chomhairligh Achomhairc um Limistéir Ainmnithe (DAAAB) – Limistéar um Chaomhnú Speisialta agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha

Údarás Ceapacháin	An tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
Láthair	Beidh éisteachtaí ar siúl ar fud na tíre sna réigiúin ina bhfuil na limistéir ainmnithe.
Suíomhanna Gréasáin na Roinne	http://www.ahrrga.gov.ie & www.npws.ie
Spriocdháta chun spéis a léiriú	19/5/2017

Is mian leis an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta Cathaoirleach a cheapadh chuig an mBord Comhairleach Achomharc um Limistéir Ainmnithe (DAAAB) - Limistéir um Chaomhnú Speisialta agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha. Ní mór Léirithe Spéise sa cheapachán seo bheith faighte faoi 5.30 pm ar an 19/5/2017 ag daaab@ahg.gov.ie. Ní mór aon fhiosrú i ndáil leis an bpost a sheoladh chuig daaab@ahg.gov.ie freisin.

Cúlra an DAAAB

Déanann an DAAAB moltaí don Aire i gcásanna ina ndéanann úinéirí nó úsáideoirí talún agóid i gcoinne a dtalamh a bheith curtha san áireamh i Limistéir um Chaomhnú Speisialta (SACanna), Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAnna) nó Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAnna). Tá sé neamhspleách ón Roinn agus tuairiscíonn sé go díreach don Aire.

Tá comhaltacht an DAAAB déanta suas de (i) Painéal d'Úinéirí Talún/Úsáideoirí Talún/Táirgeoirí agus (ii) Painéal de Ghrúpaí Caomhantais ainmnithe ag na heagraíochtaí ábhartha. Is í an tAire a cheapann an Cathaoirleach.

Tá Comhairleoir Eolaíochta neamhspleách ar fáil ag an mBord. Cuireann ball foirne de chuid na Roinne seirbhísí rúnaíochta ar fáil don Bhord.

Ról an Chathaoirligh:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na tuairiscí eolaíocha a bhaineann le gach achomharc a chuirfidh an Rúnaí chuig an mBord roimh éisteacht an achomhairc;

- Cathaoirleacht a dhéanamh ar imeachtaí na héisteachta achomhairc lena n-áireofar, de ghnáth, cuairt ar an limistéar atá faoi achomharc agus éisteacht ag a mbeidh deis ag an achomharcóir agus ag an éiceolaí atá ag déanamh ionadaíocht don achomharcóir cás a chur i láthair chun talamh a fháil fágtha as an limistéar ainmnithe;
- Cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe an Bhoird tar éis na héisteachta ag a ndéanann an Bord cinneadh faoin moladh atá le cur chuig an Aire. I gcás nach n-aontaíonn baill an Bhoird moladh, beidh an vóta réitigh ag an gCathaoirleach;
- Cinnte a dhéanamh go bhfuil teacht ag gach ball den Bhord ar eolas beacht, tráthúil agus soiléir chun cinnteoireacht stuama an Bhoird a chumasú; agus
- Timpeallacht a chothú a chabhróidh le plé cuiditheach, oscailteacht agus cinnteoireacht éifeachtach an Bhoird a chothú.

Luach Saothair

Íoctar táille leis an gCathaoirleach as freastal ar éisteachtaí achomhairc. Is é an ráta reatha €208 per diem agus íoctar an táille sin leis an gCathaoirleach as lá na héisteachta agus as lá ullmhúcháin chun na tuairiscí ábhartha a bhaineann leis an achomharc a athbhreithniú. Tá costais taistil agus cothabhála iníoctha ag na rátaí iomchuí státseirbhíse.

Riachtanais Ama

Tá achomhairc le réiteach faoi láthair i dtaca le 12 limistéar. Beidh tuairim is 30 lá éisteachta i gceist leis na hachomhairc sin. Beidh na héisteachtaí ar siúl lasmuigh de Bhaile Átha Cliath sna réigiúin ina bhfuil na limistéir sin.

Tá acomhairc le réiteach i dtaca le 4 Limistéar faoi Chosaint Speisialta a mbeidh tuairim is 70 lá éisteachta i gceist leo. D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar Chathaoirleach an DAAAB do Limistéir um Chaomhnú Speisialta agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha cabhrú le héisteachtaí achomhairc i ndáil le Limistéir faoi Chosaint Speisialta.

Sonraíocht faoin bPearsa

Ní mór do Chathaoirleach an DAAAB bheith neamhspleách ó Ghrúpaí Úinéirí Talún/Úsáideoirí Talún/Táirgeoirí agus ó Ghrúpaí Caomhantais, chomh maith le bheith neamhspleách ón Roinn. Ní mór dó nó di na tréithe seo a leanas a bheith aige nó aici:

- Scileanna sármhaithe cumarsáide;
- Cumas oibriú le daoine aonair agus grúpaí le dearcthaí an-éagsúla;
- Stuaim agus comhbhá le daoine eile;

- Tuiscint ar cheisteanna éagsúla casta dlí agus comhshaoil agus ar an gcreat rialála ina bhfeidhmítear an próiseas ainmniúcháin, agus bheith in ann iad a mheas;
- Suim i gcaomhnú an dúlra nó eolas nó taithí air;
- Suim i ngnóthaí réigiúnacha agus tuaithe nó eolas nó taithí orthu;
- Treoir a thabhairt agus cinnteoireacht a éascú;
- Taithí ar chathaoirleacht ar bhoird/fhóraim agus/nó rannpháirtíocht/comhairliúchán le páirtithe leasmhara; agus
- Eitic agus ionracas láidre.

Léiriú Spéise a Sheoladh isteach

Ní mór spéis a léiriú trí litir chlúdaigh agus CV taca a sheoladh isteach. Ní mór go sonrófar go soiléir ar an litir chlúdaigh agus an CV conas a chomhlíontar riachtanais na sonraíochta thuasluaite le cúlra agus taithí an iarratasóra. Sa litir chlúdaigh ní mór don iarratasóir a dhearbhú nach bhfuil aon choinbhleacht leasa nó bac dlithiúil ann a d'fhéadfadh cur isteach ar a chumas nó a cumas gníomhú mar Chathaoirleach an DAAAB. Ní mór don iarratasóir a dhearbhú freisin go mbeidh sé nó sí ar fáil chun freastal ar éisteachtaí agus le dualgais Chathaoirleach an Bhoird a chur i gcrích.

Ní mór Léirithe Spéise sa cheapachán seo bheith faighte faoi 5.30 pm ar an 19/5/2017 ag daaab@ahg.gov.ie. Ní mór aon fhiosrú i ndáil leis an bpost a sheoladh chuig daaab@ahg.gov.ie freisin.

Próiseas Measúnaithe

Déanfaidh an Roinn Painéal Measúnaithe (an "Painéal") a thionól chun na léirithe spéise a gheofar a bhreithniú agus a mheas. Déanfaidh an Painéal athbhreithniú agus plé ar na léirithe spéise a fhaightear in aghaidh na sonraíochta faoin bpearsa don cheapachán. Ansin beidh gearrliosta d'iarrthóirí oiriúnacha ag an bpainéal a sheofar ar aghaidh i gcomhair a bhreithnithe ag an Aire. Féadfaidh an tAire cuireadh a thabhairt don Chathaoirleach molta/ar an ngearrliosta chuig cruinniú chun an cur chuige a bheidh aige/aici i ról an Chathaoirligh a phlé. Ansin déanfaidh an tAire cinneadh faoin gceapachán.

Rúndacht

Caithfear go rúnda le gach léiriú spéise faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Caithfear go rúnda le gach fiosrúchán, iarratas agus gné de na nósanna imeachta agus ní phléifear iad le duine ar bith seachas iad siúd a bhfuil baint dhíreach acu leis an ngné sin den phróiseas.

Tá feidhm leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 chomh maith.

Nuair a cheapfar an Cathaoirleach ní mór dó nó di aon eolas a fhaigheann sé nó sí ina ról mar Chathaoirleach a choinneáil faoi rún agus gníomhú i gcomhréir le foráil 5.6 den chód cleachtais maidir le rialachas comhlachtaí stáit i ndáil leis sin.

Aguisín 1

Treoirlínte DAAAB

Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit